Tá deireadh faoi dheireadh leis an bpróiseas fada cainteanna ...

ANOIS FÚTSA ATÁ SÉ

Tar éis dianphróisis idirbheartaíochta, tá sraith bheartas tagtha chun cinn faoi dheireadh don chomhaontú nua náisiúnta – dar teideal I *dTreo 2016*.

Bhí an idirbheartaíocht i bhfad níos faide ná mar a bhí cheana mar gur áitíomar go rachfaí i gceann ceisteanna dúshaothraithe, díláithriúcháin agus cur i bhfeidhm ceart na gcaighdeán oibreachais.

Sainaithníodh na hábhair seo go cruinn sna seisiúin fhairsinge chomhairliúcháin lenár mbaill in Earrach na bliana 2004 agus muid ag réiteach don Athbhreithniú Lár Téarma ar *Sustaining Progress*.

Cuireadh go mór lenár n-imní sa réimse seo nuair a shocraigh an Rialtas – gan dul i gcomhairle leis an ngluaiseacht cheardchumainn roimh ré – go n-osclófaí an margadh saothair do shaoránaigh Stáit aontachais an Aontais Eorpaigh gan a chinntiú go raibh an chosaint riachtanach imscrúdaithe agus chur i bhfeidhm socraithe chun na hoibrithe a chosaint i gcoinne dúshaothraithe fostóirí gan ucht gan anam.

Cé gur dhiúltaigh go leor díobh siúd a bhí páirteach san Athbhreithniú Lár Téarma a admháil go raibh bonn réalaíoch le himní ár mball, thaispeáin an méid a tharla le Gama agus Irish Ferries go ríshoiléir go raibh bunús leis an imní seo.

Dá bhrí sin, sheasamar go daingean lenár staid nár cheart do na comhpháirtithe éagsúla leanúint ar aghaidh leis an gcuid eile de chlár oibre na gcainteanna go dtí go ndéanfaí dul chun cinn suntasach sna hábhair seo.

D'áitíomar go gcaithfí leis an scéal ar an mbealach seo ní amháin mar gur theastaigh uainn imní ár mball faoin ábhar seo a thaispeáint, ach chomh maith leis sin mar gur thuigeamar gur beag fiúntas a bhainfeadh le haon dul chun cinn a dhéanfaí ar an gcuid eile den chlár oibre mura socrófaí bearta breise chun aghaidh a thabhairt ar dhúshaothrú oibrithe leochaileacha. Má ligtear don dúshaothrú seo dul ar aghaidh gan chosc, bainfear an bonn de théarmaí agus coinníollacha na n-oibrithe uile.

Ní thagann na beartais ar chaighdeáin oibreachais a d'eascair as na cainteanna go hiomlán lenár mbarrmhianta.

Ach, i mo thuairimse, is iad seo a mhéad agus a d'fhéadfaí a bhaint amach ag an am seo agus féidearthacht 600,000 ball ceardchumainn á húsáid i rith phróiseas na gcainteanna.

Is faoinár mbaill é breithiúnas a thabhairt ar na beartais ar chaigheáin oibreachais, agus a shocrú an dul chun cinn sásúil iad.

Maidir le pá, tairgeann na beartais ráta ceannlíne de 10.37% a bhainfear amach i gceithre chéim thar 27 mí i ndiaidh dháta éaga an chomhaontú *Sustaining Progress* a bhí ann roimhe seo.

Tá an ráta ceannlíne seo níos airde ná na réamh-mheastacháin bhoilscithe uile don tréimhse 27 mí sin – agus dá bharr ba cheart go mbeadh páirt ag oibrithe i bhfás an gheilleagair go pointe áirithe, agus go gcinnteofaí roinnt cúitimh don ardú i bpraghasanna a tharla le gairid.

Ní thagann an méadú breise de 0.5% i bpá na n-oibrithe atá ar phá níos ísle – arb é €10.25 in aghaidh na huaire nó níos lú nuair a thagann an íocaíocht dara céim i bhfeidhm – lenár mbarrmhianta.

Mar sin féin, is iad na téarmaí pá seo an méid is mó a d'fhéadfaí a bhaint amach ag an am seo tríd an bpróiseas seo.

Cé go ndearnamar ár míle dícheall, bhí srian ar an dul chun cinn a ndearnadh ar cheist na bpinsean. Mar sin féin, ní chuireann na beartais bac orainn ar chor ar bith gníomhaíocht thionsclaíoch a thógáil, nuair is gá, chun scéimeanna pinsin oibre a chosaint.

Tá gnáthamh cinntithe freisin againn inar féidir aighneas faoi phinsin oibre a chur chuig an gComhlacht Náisiúnta Forfheidhmithe chun go ndéanfaí breithniú air.

Níl sa toradh seo ach dul chun cinn beag ar ábhar a rabhamar ag súil le go leor uaidh.

Is faoinár mbaill a shocrú cén toradh a bheidh leis na beartais seo, trí vóta rúnda ballóide.

Theastaigh dul chun cinn uainn ar réimse ábhar a chuireann imní ar ár mbaill sa chlár oibre a bhain le réimse leathan d'ábhair shóisialta – atá faoi choimirce chreatlach deich mbliana sna beartais I *dTreo 2016*. Áirítear leis seo iad seo a leanas mar cheisteanna ríthábhachtacha: uasghrádú scileanna agus fáil ar oideachas agus oiliúint; tithíocht; sláinte, cúram leanaí agus cúram aosta.

Tá achoimre den idirbheartaíocht ar na hábhair seo san fhorlíonadh seo.

Chomh maith leis an achoimre seo, beidh cóipeanna de théacs iomlán na mbeartas I *dTreo 2016* ar fáil trí líonra náisiúnta Cumainn SIPTU agus ar shuíomh idirlín an Cheardchumainn ag www.siptu.ie.

Tá sé socraithe ag an gCoiste Náisiúnta Gnóthaí an tréimhse bhallóide a dhéanamh níos faide an uair seo mar gheall ar laethanta saoire an tsamhraidh.

Beidh eolas beacht faoi na socruithe ballóide – ina measc iarratas ar bhallóid phoist – ar fáil ó do Chumann féin.

Jack O'Connor, An tArd-Uachtarán

CEISTEANNA PÁ AGUS OIBRE

- Déantar cur síos ar I *dTreo 2016* mar "chomhaontú creatlaigh deich mbliana." Cé go dtugann an cháipéis breac-chuntas ar chuid de na príomhspriocanna a bhaineann le forbairt gheilleagrach agus shóisialta in Éirinn go ceann deich mbliana, tá fócas i bhfad níos láithrí ag na beartais ar phá agus cearta fostaíochta.
  Tá na téarmaí pá in ainm is tréimhse 27 mí a chlúdú, a thosóidh díreach i ndiaidh éaga an chomhaontú *Sustaining Progress* – táthar le tabhairt faoi fhormhór na dtionscnamh a bhaineann le cearta fostaíochta faoi dheireadh na bliana 2007.

- Seo a leanas na beartais ar phá:
  - méadú 3% don chéad sé mhí den Chomhaontú, de réir mar a théann sé i bhfeidhm i ngach fostaíocht nó tionscal ar leith.
  - méadú 2% i mbunphá don chéad naoi mí eile den Chomhaontú de réir mar a théann sé i bhfeidhm i ngach fostaíocht nó tionscal ar leith; tá fostaithe ar bhunphá €10.25 in aghaidh na huaire nó níos lú ar dháta dlite thús an dara céim le méadú breise 0.5% a fháil – sin méadú 2.5% don dara céim do na hoibrithe sin;
  - méadú 2.5% don chéad sé mhí eile den Chomhaontú, de réir mar a théann sé i bhfeidhm i ngach fostaíocht nó tionscal ar leith.
  - méadú 2.5% don chéad sé mhí eile den Chomhaontú, de réir mar a théann sé i bhfeidhm i ngach fostaíocht nó tionscal ar leith.
- Go ginearálta, ní athróidh na gnáthaimh a úsáidtear chun aighneas a réiteach.
- Mar a tharla sa chomhaontú *Sustaining Progress* a bhí ann roimhe seo, bheadh ar fhostóirí agus ceardchumainn aontú go comhlíonfaidís téarmaí na moltaí a d'eisigh an Chúirt Oibreachais (nó tríú páirtí eile ar aontaíodh air) i gcáis faoi leith.
- Chaithfí le haighneas faoi mhaíomh fhostóra nach bhfuil sé/sí in ann cuid de théarmaí an chomhaontaithe a íoc, nó do roinnt seachghnáthamh a ligfeadh dó/di seo a dhéanamh, sa ghnáthbhealach a chaitear le caidreamh tionsclaíoch. Sna cáis seo, bheadh iallach ar fhostóirí eolas iomlán a thabhairt don Cheardchumann agus don Chúirt Oibreachais chun a maíomh a

dhearbhú. Ní bheadh iallach ar an gCeardchumann glacadh le cinneadh na Cúirte Oibreachais. Dá socródh na baill nach nglacfaí le torthaí na Cúirte, bheadh cead acu gníomhaíocht thionsclaíoch a thógáil tar éis tréimhse machnaimh trí seachtaine.
- Chuirfeadh an Rialtas acmhainní breise ar fáil do ghníomhaireachtaí réitithe aighnis an Stáit chun moill gan chúis a sheachaint sna gnáthaimh seo.
- Mhéadódh an Pá Náisiúnta Íosta ó 1 Eanáir 2007. Dhéanfadh Congress agus IBEC uiríll leis an Rialtas faoi mhéid an mhéadaithe – tá an-seans ann go rachfaí i gcomhairle leis an gCúirt Oibreachais faoin cheist seo.
- Leanfaí leis an ngrúpa frithbhoilscithe – a bunaíodh faoi *Sustaining Progress*.
- Chuireadh an Coiste Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta treoirlínte athbhreithnithe ar rannpháirtíocht mhaoinithe fhostaithe le chéile laistigh de 12 sheachtain de dhaingniú na mbeartas.
- Thabharfaí faoi athbhreithniú ar fhoghlaim agus deiseanna uasghrádaithe scileanna san ionad oibre, agus béim faoi leith ar oibrithe ar bheagán scileanna agus oibrithe leochaileacha (oibrithe i ndéantúsaíocht ina measc), chomh maith le hoibrithe iasachta.
- Dhéanfaí forbairt ar roinnt tionscnamh oibre – lena n-áirítear ciste nua oideachais agus líonra foghlama a bheadh faoi stiúir an cheard-chumainn.
- Chuirfí maoiniú ar fáil d'oibrithe a bheadh ag filleadh ar an oideachas tríú leibhéil.

PINSIN

- Rachadh cáis a d'eascair as aighneas faoi chistí pinsin chuig an gComhlacht Náisiúnta Forfheidhmithe go díreach, agus bheadh baint ghníomhach ag comhbhaill Congress agus IBEC sna hiarrachtaí chun teacht ar réiteach.
- D'oibreodh an Rialtas le Congress agus IBEC chun beartas cuimsitheach ar phinsin a chur le chéile. Tá Páipéar Uaine ar Phinsin le foilsiú.
- Thrasfaí an fhoráil roghnach pinsin faoi Treoir Aistrithe Gealltanais de chuid an Aontais Eorpaigh i ndlí na hÉireann.

CAIGHDEÁIN OIBREACHAIS

- Moladh sraith mór bheart a dhíreoidh ar chomhlíonadh feabhsaithe na gcaighdeán oibreachais a chinntiú. I measc na mbeart tá:
  - bunú oifige nua reachtúla a bheidh tiomanta do chomhlíonadh ceart fostaíochta;
  - méadú faoi thrí ar líon na gCigirí Oibreachais
  - níos mó comhordaithe idir gníomhaireachtaí atá ag plé le comhlíonadh, ar nós na gCoimisnéirí Ioncaim agus na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh;
  - riachtanais nua faoi choimeád taifid ag fostóirí;
  - méadú ar acmhainniú an chórais;
  - seoladh córais nua de chomhlíonadh ceart fostaíochta atá níos éasca le húsáid; agus
  - pionóis atá i bhfad níos airde d'fhostóirí nach gcomhlíonann an dlí oibreachais.
- Bhunófaí Oifig nua an Stiúrthóra um Chomhlíonadh Ceart Fostaíochta (ODERC) faoin reachtaíocht; agus bord reachtúil comhairliúcháin a bheadh in ann coimisiniú a dhéanamh ar a thaighde féin.
- Mhéadófaí líon na gCigirí Oibreachais diaidh ar ndiaidh ó 31 go 90 roimh dheireadh na bliana 2007.
- Chuirfí tacaíocht dlí, chuntasaíochta agus riaracháin ar fáil.
- Dhréachtófaí Meabhrán Tuisceana idir ODERC agus na ceard-chumainn.
- Ligfeadh reachtaíocht nua do na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus ODERC oibriú le chéile, faisnéis a roinnt agus díriú ar réimsí neamh-chomhlíonta trí Aonaid Chomh-Imscrúdaithe (ACI).
- Dhéanfaí ollchóiriú ar fheidhmiú na foirme cánach RCTI – a úsáidtear sa tionscal tógála den chuid is mó – chun féinfhostaíocht bhréagach a laghdú go mór. Dhíreodh na ACI go mór ar stádas fostaíochta na n-oibrithe seo.
- Faoin dlí bheadh ar fhostóirí taifid reachtúla fhostaíochta a choimeád i leagan amach faoi leith; cion coiriúil a bheadh ann dá dteipfí ar na taifid seo a choimeád agus fineáil de suas le €250,000 mar phionóis air. I ngnáthaimh chúitithe a thabharfadh fostaithe chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta nó Coimisinéirí um Chearta, is ar an bhfostóir a bheidh an dualgas cruthúnais a thabhairt gur comhlíonadh na taifid.
- Bheadh cumhacht reachtúil ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta tuarascálacha d'imscrúduithe na gCigigí Oibreachais a fhoilsiú dá mbeadh suim faoi leith ag an bpobal iontu.
- Dhíreodh an múnla nua seo ar chúiteamh d'fhostaithe a úsáideann na Coimisinéirí um Chearta, an Chúirt Oibreachais nó an Binse Achomhairc Fostaíochta in áit na gCúirteanna Dlí (cé go mbeadh baint acu le roinnt cás m.sh. mura gcoinneofaí taifid)
- Mhéadófaí na pionóis dlí uile faoin reachtaíocht – agus sceideal nua fíneálaithe ó €5,000 go €250,000 in úsáid, agus príosúntacht mar rogha pionóis.
- Bheadh cead ag na Coimisinéirí Cearta, an Binse Achomhairc Fostaíochta agus ag an gCúirt Oibreachais cúiteamh de phá dhá bliana a bhronnadh.
- Thabharfaí isteach reachtaíocht chun "sceithirí" a thuairiscíonn dúshaothrú a chosaint.
- Bhunófaí grúpa ardleibhéil chun súil ghéar a choinneáil ar chlaonta margaidh oibreachais le go dtabharfaí eolas níos cruinne faoi dhíláithriúchán agus spealadh pá sa gheilleagar.
- Bhunófaí gnáthamh faoi leith chun cur in aghaidh comhiomarcaíocht éigeantach a úsáid chun oibrithe nua a chur in áit oibrithe reatha; dá ndéanfadh fostóir neamhaird den ghnáthamh seo, d'fhéadfadh an Binse Achomhairc Fostaíochta na hoibrithe a athfhostú nó pá cúig bliana a bhronnadh orthu mar chúiteamh.
- Thabharfaí isteach reachtaíocht chun bealach éalaithe dlíthiúil a dhúnadh, bealach éalaithe a d'fhéadfadh – in aighneas thionsclaíoch – ligean d'fhostóir bata is bóthair a thabhairt do na hoibrithe uile agus oibrithe nua a fhostú.
- Thabharfaí conarthaí nua isteach do thionscadail chaipitil phoiblí ina mbeadh ar chonraitheoirí comhlíonadh an dlí oibreachais a dheimhniú go rialta. Bheadh cead ag údaráis áitiúla íocaíochtaí a choinneáil siar ó chonraitheoirí nó fochonraitheoirí nach gcomhlíonfadh leis seo.
- Thabharfaí reachtaíocht nua isteach roimh dheireadh na bliana 2006 chun gníomhaireachtaí fostaíochta agus oibrithe gníomhaireachta a rialú.
- D'iarrfaí ar an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais cód cleachtais a fhorbairt ina leagfaí amach cearta fostaíochta agus cosaint dóibh siúd atá ag obair sa bhaile. D'fhoilseofaí an cód roimh dheireadh na bliana 2006.
- Faoi reachtaíocht nua, bheadh cead ag oibrithe imirceacha iarratas a dhéanamh ar a gceadúnas oibre féin, agus iarratas a dhéanamh an athuair;
  - bheadh ar mhic léinn nach as an EEA dóibh ceadúnas oibre a fháil;
  - ní cheadófaí iarratais ar cheadúnas oibre do phá faoin gComhaontú Fostaíochta Cláraithe, Ordú Rialaithe Fostaíochta nó Pá Náisiúnta Íosta, pé acu is feiliúnaí;
  - bheadh cead acu siúd le ceadúnas oibre athrú ó fhostóir go fostóir dá gcaithfí go dona leo;
  - dhéanfaí rialú ar scoileanna teanga lena chinntiú gur institiúidí oideachais bona fide iad, seachas bealach le saothar saor dúshaothraithe atá gan rialú a chur ar fáil.

DUL CHUN CINN GEILLEAGRACH AGUS SÓISIALTA

- Tréimhse deich mbliana atá i gceist leis an gcreatlach de dhul chun cinn geilleagrach agus sóisialta atá sna beartais. Is ar Thuarascáil Straitéise na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíche agus Sóisialaí a bunaíodh seo, agus aithnítear nach gá do dhul chun cinn sóisialta fanacht ar dhul chun cinn geilleagrach níos mó – is le chéile a tharlaíonn siad. Chomh maith leis sin, leagtar na beartais amach i gcomhthéacs uile-Éireannach.
- Cuireann na beartais iallach ar an Rialtas leanúint leis an gcomhoibriú gníomhach leis na comhpháirtithe sóisialta ar thodhchaí na hearnála leath-Stáit, ar bhonn an chur chuige a ndearna an Taoiseach cur síos air i mí Feabhra 2003.
- Aithníonn na beartais go bhfuil gá le deiseanna uasghrádaithe scileanna na n-oibrithe ar bheagán scileanna; agus go gcaithfear grúpa ardleibhéil ar an earnáil déantúsaíochta a bhunú – a cuireadh isteach go mór uirthi mar gur bhog déantúsaíocht go geilleagair le pá íseal.
- Bheadh ar na beartais uile do chomhpháirtithe príobháideacha poiblí ag údaráis áitúla cloígh leis an gCreatlach Náisiúnta do Chomhpháirtithe Príomháideacha Poiblí a glacadh leis sa bhliain 2001, agus de réir na dtreoirlínte ábhartha.
- Chuirfí 50,000 áit chúraim leanaí nua ar fáil, ina measc 10,000 áit réamhscoile agus 5,000 áit iarscoile faoin mbliain 2010.
- Chun aghaidh a thabhairt ar neamhfhreastal scoile agus fágáil luath ón gcóras oideachais chruthófaí 100 post breise sa Bhord Náisiúnta um Leas Oideachais agus sa tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.
- Chruthófaí 1,000 áit bhreise Youthreach faoin mbliain 2009.
- Cheapfaí 550 múinteoir bhreise do thacaíocht teanga.
- Laghdófaí an cóimheas daltaí le múinteoirí i mbunscoileann go 27:1 faoin mbliain 2007-8.
- Dhéanfaí athbhreithniú arís ar theidlíochtaí saoire máithreachais agus aithreachais – a feabhsaíodh i gCáinaisnéis 2006 – roimh dheireadh na bliana 2008.
- Mhéadófaí rannpháirtíocht i bhfoghlaim fad saoil – agus béim faoi leith ar uasghrádú scileanna d'oibrithe ar phá íseal agus/nó ar bheagán scileanna.
- Chuirfí 2,000 áit leis an Tionscnamh Filleadh ar an Oideachas faoin mbliain 2009.
- Dhéanfaí maoiniú breise i bhFostaíocht Phobail sa bhliain 2006 agus chuirfí leis amach anseo.
- Bhainfí amach sprioc na Straitéise Náisúnta in aghaidh na Bochtaineachta don ráta leasa sóisialaigh is ísle de €150 i dtéarmaí 2002 faoin mbliain 2007.
- Dhéanfaí forbairt ar chúram príomhúil sláinte le go mbeadh 300 foireann ann go náisiúnta faoin mbliain 2008, 400 faoin mbliain 2007 agus 500 faoin mbliain 2011.
- Laghdófaí tréimhse feithimh ar chóir leighis agus ní bheadh ar aon othar poiblí fanacht níos mó ná trí mhí.
- Mar chuid d'acmhainní breise d'institiúidí comhionannais, dhíreofaí go docht ar dheireadh a chur leis an riaráiste cás atá os comhair an Bhinse Chomhionannais faoi láthair.
- Mar chuid d'fheabhsúcháin i bpinsin na ndaoine aosta, mhéadófaí ráta na bpinsean leasa shóisialaigh go €200 in aghaidh na seachtaine faoin mbliain 2007.
- Bheadh €150m breise do chúram maolaitheach agus €150m do chúram lae ann faoin mbliain 2007 mar chuid den fheabhsúcháin i riar na n-acmhainní do dhaoine aosta.
- Chuirfí 2,000 pacáiste breise cúraim bhaile ar fáil faoi dheireadh na bliana 2006.
- Chuirfeadh achtú an Bhille Sláinte 2006 córas feabhsaithe imscrúdaithe ar fáil do thithe altranais, bíodh siad poiblí nó príobháideach.
- Riar €2m chun cur i gcoinne mí-úsáid daoine aosta sna blianta 2006 agus 2007.
- Dhéanfaí forbairt ar an Straitéis Náisiúnta Míchumais chun go mbeadh réimse leathan bearta mar chuid de, agus súil le:
  - hoideachas, oiliúint ghairme agus deiseanna fostaíochta a chur chun cinn;
  - fáil ar sheirbhísí iompair a fheabhsú; agus
  - seirbhísí faisnéise agus tacaíochta a fhorbairt do dhaoine faoi mhíchumas.

CEISTEANNA NA SEIRBHÍSÍ POIBLÍ

Pá

Faoi na beartais pá don tseirbhís phoiblí (níl an earnáil trádála leath-Stát san áireamh leis seo) chuirfí méadú ceannlíne 10% i bpá ar fáil thar 27 mí. Beidh deireadh le *Sustaining Progress* d'oibrithe na seirbhísí poiblí ag deireadh mí Meitheamh 2006. Tosóidh an comhaontú go díreach i ndiaidh an dáta sin – agus na méaduithe pá ar fáil mar seo a leanas:

- 3% ó 1 Nollag 2006
- 2% ó 1 Meitheamh 2007*
- 2.5% ó 1 Márta 2008
- 2.5% ó 1 Meán Fómhar 2008

*2.5% a bheadh sa mhéadú sa dara céim d'oibrithe lán-aimseartha sa tseirbhís phoiblí, atá ag fáil bunráta pá de €10.25 in aghaidh na huaire nó níos lú ar 1 Meitheamh 2007.

Sosadh Pá

Leanfaí leis an sosadh pá atá san áireamh i *Sustaining Progress* sa chomhaontú nua. Dá bhrí sin, leis an íocaíocht dheireanach faoi *Sustaining Progress* le n-íoc ar 1 Meitheamh, d'íocfaí an chéad híocaíocht faoin gcomhaontú nua sé mhí níos déanaí ar 1 Nollag.

Faoi na beartais, ní bheadh aon éilimh faoi mhéadú costais fad is a mhairfeadh an comhaontú seo. Bheadh na comhpháirtithe tiomanta d'aighneas a réiteach tríd na gnáthaimh agus gan ghníomhaíocht thionsclaíoch a thógáil ar aon ábhair a chlúdaítear sa chomhaontú, fad is a bhí na comhpháirtithe ag gníomhú de réir théarmaí an chomhaontaithe.

Nuachóiriú

Bheadh ceadú íocaíochtaí ag an gComhlacht Fíoraithe i ngach earnáil fós ina réamhriachtanas do chur i bhfeidhm na méaduithe pá.

Bheadh ar oibrithe na seirbhísí poiblí comhoibriú le bearta nuachóirithe agus athraithe faoi leith chun cáiliú do na méaduithe pá. Cé go bhfuil éagsúlachtaí ag baint leo seo i ngach earnáil, tá sraith ghinearálta phrionsabal ann a chuirtear i bhfeidhm sa tseirbhís phoiblí uile. Áirítear orthu sin:

– comhoibriú le seoladh scéimeanna agus tionscnamh nua, agus athruithe ar scéimeanna atá ann cheana; is cuid rialta d'obair eagraíochtaí na seirbhíse poiblí é seo.
– comhoibriú le cur i bhfeidhm beartas, tionscnamh agus athchóirithe i ndiaidh cinntí Rialtais nó achtú reachtaíochta (príomhúil, tánaisteach nó AE);
(Tabhair faoi deara: Ní chlúdaítear dílárnú sna beartais seo. Dá bhrí sin ní chuirfí isteach ar staid SIPTU maidir le dílárnú ar chor ar bith dá gceanglaifí na beartais.)
– glacadh leis go bhfágfaidh athruithe i méid agus cineáil na hoibre, nuálaíocht teicneolaíochta agus riachtanais athruithe ghnó go bhfuil seans ann go dteastóidh athrú sa bhealach a eagraítear obair, athruithe sa líon foirne, athdháileadh tascanna i measc na foirne, athruithe i meascán na foirne nó meascán scileanna in eagraíochtaí agus níos mó solúbthacht faoi thuairisciú.
– glacadh leis go bhfuil seans ann go dtiocfaidh cáis chun cinn ina gcaithfí gnáthaimh oibre a oiriúnú mar fhreagra ar riachtanais oibre agus ina gcaithfí an bealach traidisiúnta a dhéantar tascanna faoi leith a athrú;

– aithint go gcaithfear méid an bhille phá a choimeád ag leibhéal inbhuanaithe agus go gcaithfear srian a chur ar líon iomlán na bhfostaithe.

Faoi na beartais seo, d'fhéadfadh ceardchumainn achainí a dhéanamh leis an gCúirt Oibreachais dá ndéanfadh an bhainistíocht iarracht an comhaontú a shárú nó níos mó athraithe a dhéanamh ná mar a cheadaítear sna beartais. Cheanglófaí rialú na Cúirte ar na ceisteanna seo ar an dá chomhpháirtithe.

Roghanna i Soláthar Seirbhíse

Dhéanfaí forbairt ar bhealach nua le haghaidh a thabhairt ar bheartais a bhaineann le foinsí eisiacha a úsáid d'obair na seirbhíse poiblí. B'éigean do bhaill Siptu aghaidh a thabhairt ar an gceist seo – agus torthaí measctha air – le fiche bliain anuas gan chomhaontú creatlaigh ar bith.

Faoi na beartais nua seo, bheadh srian le cumas na bainistíochta foinsí eisiacha a úsáid seachas "i gcáis eisceachtúla ina mbeadh brú, nó uasphointí sealadacha, nó chun moilleanna iomarcacha i soláthar seirbhísí a sheachaint." Theastódh réamhfhógra agus comhairliúchán leis an gCeardchumann sula gcuirfí seo i bhfeidhm. Dá ndéanfadh an bhainistíocht iarracht dul thar an gcomhaontú, bheadh an Ceardchumann in ann achomhairc a dhéanamh sa Chúirt Oibreachais do shocrú ceangailteacht.

I ngach cás eile, ní úsáidfí foinsí eisiacha seachas "nuair a aontaítear air trí ghnáthbhealaí na gcaidreamh tionsclaíoch."

Chomh maith leis sin, féadfar aighneas a chur chuig an gComhlacht Náisiúnta Forfheidhmithe (CNF) faoi na beartais. D'fhéadfadh an CNF an cheist a chur chuig an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais nó chuig an gCúirt Oibreachais do shocrú ceangailteach.

Le blianta fada anuas tharla sé go minic gur shocraigh bainistíochtaí na seirbhíse poiblí seirbhísí poiblí a phríobháidiú gan spleáchas d'aon duine. D'éirigh go maith lenár mbaill uaireanta nuair a cuireadh i gcoinne seo; i réimsí eile níor éirigh chomh maith céanna linn. Láidreodh an gnáthamh seo cumas ár mball cur i gcoinne gníomhartha mar seo amach anseo.

Obair Foirne

Aithníonn na beartais gur fearr roinnt seirbhísí a chur ar fáil don phobail trí ghrúpaí ildisciplíneacha nó ilghráda. Dá bhrí sin bheadh ar oibrithe na seirbhíse poiblí comhoibriú go hiomlán le tionscnaimh sa réimse seo, a bheadh faoi réir ag forálacha an chomhaontaithe mholta.

Teicneolaíocht Nua

Ina theannta sin, bheadh ar oibrithe na seirbhíse poiblí leanúint lena gcomhoibriú i dtabhairt isteach teicneolaíochtaí nua ar fud na seirbhíse poiblí.

Seirbhísí Comhroinnte

Teastíonn comhoibriú sna beartais i dtabhairt isteach seirbhísí comhroinnte, ar nós airgeadais agus cuntas, bainistíochta párolla agus aoisliúntais, teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, seirbhísí rúnaíochta agus dlí speisialtóra agus soláthair, idir seirbhís phoiblí agus eagraíochtaí ábhartha.

Pátrúin Tinrimh

Faoi na beartais d'fhanfadh seachtain oibre formhór na n-oibrithe seirbhíse poiblí gan athrú. Dá dteastódh athruithe sa ghnáthlá oibre, is lucht foirne atá ann cheana agus a bheadh sásta é a dhéanamh a chlúdódh na huaireanta breise. É sin nó chlúdófaí na huaireanta breise trí lucht foirne páirt-aimseartha a fhostú nó lucht foirne nua ar phátrúin tinrimh a d'fheilfeadh do na huaireanta breise seirbhíse. Ach aithníonn na beartais freisin go ndéanfaí plé ar aon impleachtaí d'acmhainní daonna nó luacha saothair dá mbeifí ag cuimhniú ar phleananna den chineál seo.

Ath-imlonnú Foirne

Bheadh ath-imlonnú foirne/post i gcáis faoi leith níos éasca leis an mbeartas seo. Dá ndéanfaí moladh go n-ath-imlonnaíodh lucht foirne lasmuigh dá suíomh reatha, faoi na beartais is ag leibhéal na hearnála nó eagraíochta, pé acu is feiliúnaí, a shocrófaí na réimsí ina bhféadfadh sé seo tarlú.

An tSlí a Thabharfar Athrú Isteach

Is ar bhonn comhpháirtíochta a thabharfaí athruithe isteach, agus a ndóthain ama tugtha do na ceardchumainn plé a dhéanamh ar an scéal, lena n-áirítear an cineál athraithe atá i gceist, an fáth atá leis agus na príomhthionchair a bheidh aige ar an lucht foirne. Bheadh ar oibrithe na seirbhíse poiblí comhoibriú a dhéanamh maidir leis na hathruithe de réir téarmaí na mbeartas, fad is a bhí siad ag dul trí na gnáthaimh.

Déanann na beartais cur síos ar na gnáthaimh faoi leith a úsáidfear i ngach ceann de na príomhearnálacha sa tseirbhís phoiblí. Ba cheart do bhaill scrúdú cúramach a dhéanamh orthu seo sula gcaitheann siad a vóta i mballóid na mball. Mar sin féin, tá roinnt cosúlachtaí idir na hearnálach uile, agus breac-chuntais orthu seo thíos:

Scéimeanna Dearbhaithe Caighdeáin

Tá forálacha sna beartais earnála uile faoi sheoladh agus forbairt scéimeanna dearbhaithe caighdeáin. Dhéanfaí forbairt ar na scéimeanna úd tríd an bpróiseas comhpháirtíochta.

Taifead Tinrimh

Faoi fhorálacha an Achta um Eagrú Ama Oibre 1997 caithfidh eagraíochtaí taifead a choimeád ar na huaireanta oibre a dhéanann gach duine den fhoireann chun comhlíonadh fhorálacha na reachtaíochta a thaispeáint. I gcás nach bhfuil córais taifid ama in úsáid faoi láthair déanfar forbairt orthu agus cuirfear i bhfeidhm iad roimh dheireadh thréimhse an chomhaontaithe.

Tugadh geallantas freisin do na Ceardchumainn go dtabharfaí isteach reachtaíocht a fhágfaidh gur cion a bheidh ann mura gcoinníonn fostóir taifid chearta fhostaíochta – na huaireanta a oibríodh ina measc. D'fhéadfaí fíneáil de suas le €250,000 a ghearradh mura ndéanfaí amhlaidh. Bhainfeadh an reachtaíocht le gach fostóir – fostóirí san earnáil phoiblí ina measc – agus dá bhrí sin bheadh orthu córais a chur i bhfeidhm a ligfeadh dóibh cloígh leis an reachtaíocht nua.

Comhionannas

Faoi na beartais, bheadh na fostóirí a bheith tiomanta do chláir chomhionannais agus éagsúlachta a fhorbairt agus a mhéadú laistigh de na hearnálacha éagsúla. Ina measc siúd bheadh méadú ar éagsúlacht an lucht foirne i dtéarmaí inscne, náisúnachta, aoise agus míchumais. Chomh maith leis sin láidreodh fostóirí a dtiomanta do bheartais a éascaíonn socruithe do chothromaíochta idir saol oibre agus saol pearsanta na n-oibrithe.

Uasghrádú Scileanna

Leanfadh fostóirí na seirbhíse poiblí ar aghaidh lena maoiniú ar roinnt cláir forbartha foirne tábhachtacha – ar nós oiliúna do thabhairt isteach na ngrád teiripe agus cúntóirí obrádlainne sa tseirbhís sláinte.

Ina theannta sin dhéanfadh fostóirí maoiniú ar lucht foirne a cháileodh mar Chúntóirí Cúraim Sláinte, agus chabhródh leo seo a dhéanamh – chuige sin thabharfaí isteach an chéad struchtúr gairmiúil gairme riamh d'fhostaithe cúraim ospidéil.

Tagarmharcáil/Ceartú Analógach

Faoi na beartais, chríochnófaí an dara babhta de thagarmharcáil agus den chéad cheartú analógach eile (tagarmharcáil comhthreomhar) i lár na bliana 2007, a thiocfadh leis an ngealltanas a ndearnadh i *Sustaining Progress*, agus chuirfí i bhfeidhm iad i gcomhthéacs aon chomhaontaithe a thiocfadh ina chomharba air.

An Chonchlúid

Is é an toradh is fearr a bhí ar fáil do cheardchumainn i rith na hidirbheartaíochta a bhí ann le déanaí na beartais seo. Rinne na ceardchumainn iarracht a chinntiú go ndéanfaí cosaint ar leasa na n-oibrithe a mhéad is féidir ar feadh tréimhse d'athrú suntasach sa tseirbhís phoiblí.

Ba cheart do bhaill na cáipéisí a scrúdú go cúramach agus a dtuairimí féin a chumadh faoin méid a baineadh amach agus nár baineadh amach, agus an méid atá indéanta agus dodhéanta sula gcaitheann siad a vótaí.